POLAITÍOĊT

Scáile Rialtas Eile — ar Dísbeaġaḋ Tulaiġ?

Rialtaisí agus ceapaḋ Rialtaisí, tá sé san aer na laeṫa seo Ní h-aon rialtas amáin atá againn in Éirinn anois (agus sa ċuid seo) aċ trí cinn. Rialtas i ndáiríriḃ agus dá scáile. Tá Breandán Mac Feorais ag tóraíoċt céime mar an Ḟreasúra go leanúnaċ agus go foscailte anois. Ag tabairt amaċ poiblí tá tamall ó ṡin, ṫug sé le fios gur ċeart go spreagfaḋ an seisear breise atá aige san Dáil anois an Páirtí ċun dul ar aġaiḋ go mbeaḋ siad mar príoṁ-Ḟreasúra agus amaċ ina ḋiaiḋ seo, mar Rialtas.

Deireaḋ na seaċtaine seo caite, d'ainmniġ sé "cainteoirí" sin é an focal faisiúnta anois, cainteoirí i leiṫ na Ranna faoi leiṫ, dála mar a rinne Fine Gael seaċtain roiṁe sin. Céim ar aġaiḋ é seo ag an ṗáirtí Oibreaċais. Ní ḋéarna siad ariaṁ a roiṁe é. Is cosúil go ḃfuil an seisear sin de ḃreis ar na figiúirí a ḃí aige ina '61 ag séide faoi. Agus déirfinn nár ḋein an t-ainmniú breis maiṫeas ar biṫ den Ṗáirtí. Ar ndóiġe, tá níos lú daoine le ḃeiṫ mí-ṡásta ós rud é naċ ḃfuil aċ 22 sa ṗáirtí ar fad, aċ, mar sin ṗéin, ḃí ábhar iontais in cuid de na ceapaċáin.

Cuir i gcás, is aisteaċ ar ḃealaí, gur fágaḋ Séamas Ó Tulaiġ mar ċainteoir do Aireaċt, ar beag le rá é, i gcúrsaí poiblíoċta agus eile. Ḃí cosúlaċt air gurb é Séamas an dara fear insan Ṗáirtí, ó ṫaoḃ poiblíoċta ⁊ aġaiḋ poiblí agus eile, ar feaḋ na bliana seo caite. Ḃeiṫfí ag súil mar sin, go mbeaḋ sé mar ḟear cainte ar ceann éigin de na príoṁ-Aireaċtaí, Talṁaíoċt, Tionscail nó Airgeadais nó a leiṫéid sin. Ina ionad sin, fágaḋ é mar cainteoir ar Leasa Ṡóisialaiġ. D'ḟéidir go sásóḋ sin Séamas ar slí amháin, ós rud é go mbeaḋ tábaċt poiliticiúil dó ó ṫaoḃ cúrsaí bunrúta polaitíoċta, aċ, is cinnte gur ísliú céime é. Díreaċ mar ba ísliú céime do ḟear ċoṁ cumasaċ le Caoiṁín Ó Beoláin, a ċur, agus a ḟágáil i mbun Leasa Ṡóisialaiġ. Agus tá go leor, leor de ḋaoine tuiscíonaċa insan Ṗáirtí ag Fianna Fáil, naċ ḃfuil sásta, ná leaṫ-ṡásta gur fágaḋ Ó Beoláin i mbun an Roinn seo arís, taréis ceapaḋ an Rialtais deireanaí. Tá éifeaċt agus cumas i ḃfad níos mó in Ó Beoláin ná mar atá insan Roinn seo, agus nílṫear ag baint úsáide as an éifeaċt agus an cumas seo. Ceist againn — cad ċuige? Agus beiḋ níos mó daoine ag cur na ceiste seo amaċ anseo.

Ainmniúċán a ṫug sásaṁ do Ġaeilgeoirí, isea ainmniúċáin Bean Uí Ḋeasṁuman mar sainteoir i leiṫ Oideaċais.

Ṫáiniġ sí amaċ go cinnte agus go soiléir i leiṫ na Gaeilge agus i leiṫ na Gaeltaċta insan feaċtas toġċáin, agus tá gaċ deallraḋ go ḃfuil sí lán ċoṁ Gaelaċ lena fear céile naċ maireann. Is maiṫ linn í mar ċainteoir ar son an Ṗáirtí Oibreaċais do Oideaċais.

Mar sin de, tá an clár glanta agus ċuile ní a ṫiocfas aníos anois beiḋ dá scáile-ċainteoir le ionsaí do ṫabhairt faoi Ḟianna Fáil. Mar sin de, is cinnte go gcaiṫfiḋ na hAirí úr, uasal óg seo, a ḃeiṫ ar an nís is cúramaí, agus a ḃeiṫ ullaṁ ċun faḃa do ċosaint ó ṫaoḃ ar biṫ.

Leanann rása na ḃFrancaċ don Dara Tiġ, agus tá fir siúlta an róid agus fir seasta na gcúinní ana ċleaċtaiṫe anois ar daoine mór le rá, dea-éadaí, a ḃeiṫ ag stopaḋ gluaisteán ag cúinne, ⁊ ag cur ceist cá ḃfuil a leiṫéid seo agus a leiṫéid siúd de Comairleoir Condae? Agus fiú amháin, bíonn siad ullaṁ ċun insint cé'n áit a ḃfuil an dara Comairleoir Condae, agus an triú Comairleoir Condae.

Is aisteaċ gan aṁras, an córas toġċánaíoċta atá ann don Dara Tiġ seo. Go bunúsaċ, ba ḃreá agus ba ċiallṁar mar smaoineaṁ é, aċ níor oibriġ sé amaċ go praicticiúil mar a ḃí ceapaiṫe do ar páipéar ar ċor ar biṫ. A ṁalairt ar fad atá ann.

Lá éigin, nuair a ḃíonn feaċtas na bliana seo ṫart, níor ṁiste dúinn, b'ḟéidir, súil ġéar a ṫabairt ar an ċóras iomlán agus féaċaint cad a ḃí i gceist ann ar aús, agus conas mar atá an scéal de réir mar a oibríonn sé amaċ.

Agus an ċáin-ḟaisnéis. Céard eile a mbeiṫfeá ag súil leis? Tá Rialtas nua Fianna Fáil ag druidim níos mó agus níos mó i leiṫ a gclé, agus i leiṫ an Stát caoṁnaiṫe, agus tá ceart maiṫ ag Fine Gael a rá gur brú uaṫa-san a ċur ar an mbealaċ sin iad. Aċ, cibé ar biṫ, beiḋ árdú a ḃí ṫar am a ṫabairt, ag teaċt ċuig an aicme is laiġe san Stát. Agus má ċaiṫeann na daoine cúpla piġinn eile a íoc ar na toitíní agus cúpla piġinn ar an galún petrol ní ḟeicim go mbeiḋ duine ar biṫ ag casaoid, mar go gcuireann sé an aicme sin is laiġe, beagáinín eile ar ionad níos sócúla.

Pointe níos imníoċ agus níos baolaiġ, isea go ḃfuil cosúlaċt go leiṫ de saoirse ó aiġneas oibríṫe againn, agus má ṫagann árdú eile i gcúrsaí páiġe ⁊ tuarasdal roiṁ ḋeireaḋ na bliana seo, nó lár na bliana seo ċugainn, d'ḟéadfaḋ sé cur isteaċ go trom ar cúrsaí forbarṫa agus cúrsaí onnṁuiriṫe. An ḃfuil dóṫain nirt i Rialtas nua Fianna Fáil le seasaṁ i gcoinniḃ an éileaṁ a ḃéas dá ḋéanaṁ?

Sin ceist mór poiliticiúil idir seo agus deireaḋ na bliana.

FEARFEASA.

DAIRBRE

Le coicís anois tú an 'flu go dona ar fad insan bparóiste, ⁊ is mó duine ar b'éigin dó an leaba do ṫabairt air féin leis. Tá an scéal ag feaḃsú roinnt le cúpla lá anuas.

Ḃí taispeántas píobaireaċta ar an oileán naċ ndéanfar dearmad dó go ceann fada go leor, le seaċtain anuas. Cúigear píobairí ó Co. Ċill Dara, a ṫug cuairt ar an oileán, agus a ṫug cabair agus traenáil do banna ceoil píobairí an oileáin. Tá banna píobairí ana ṁaiṫ ar fad i gCo. Ċilldara agus ṫug cúigear acu, P. Ó Conċubair agus a ḋearṫáir, A. Ó Conċubair, Liam agus Antoine ÓDonabáin, agus Eiblín Ní Ḃiogáin an t-aon ċailín píobaire a ċonactas in Dairbre. Ḃí siad ar an oileán ar feaḋ dá lá, nuair a ṫug siad oiliúint agus traenáil agus coṁairle do píobairí na h-áite, agus ag deire ċuaiġ siad isteaċ le banna ceoil Dairbre, agus ṫug siad, le ċéile, taispeántas píobaireaċta a ṫaiṫn ṫar bárr le muintir Baile an tSéipéil agus an oileáin go léir.

Céad Céim Bainte i gCosaint an Iarṫair

Coṁoibriú agus Coṁar Ċumainn Forbarṫa de Ḋíṫ Anois

"Tá an ċéad ċéim san ḟeaċtas seo bainte amaċ anois agus le ḃeiṫ fírinneaċ, caiṫfiḋ muid a rá gur ċlaonaiġ an taire talṁaíoċta láiṫreaċ, íontaċ fada ar an ḃealaċ s'againne le féaċaint fá ċoinne réiteaċ na ḃfaḋbanna," adúirt an tAṫair S. Mac Duiḃir, S.C., Gleann Colmcille, ag simpósím ar sáḃáil an Iarṫar, a d'eagraiġ muintir Ṁuiġeo i mBaile Áṫa Cliaṫ.

Dúirt an tAṫair Mac Duiḃir go raiḃ dá ṗríoṁ ċuspóir ag Coiste Cosanta an Iarṫair, na daoine a ċur ar a n-aire fá ċoṁ h-olc agus a ḃí an dainséar ina raiḃ siad ó imirce, agus aire na n-údarás a ḋíriú ar an riaċtanas mór a ḃí ann fá ċoinne cabhair bunúsaċ airgeadais i ḃforbairt aiceanta farraiġe agus tíre an Iarṫair.

Ḃí an ċéad gné den ḟeaċtas anois beagnaċ críoċnaiṫe, adúirt sé. B'iad na trí faḋbanna ba ṁó san Iarṫar ná easpa airgeadais, easpa eolas teicniúil agus easpa díogaíoċt forleaṫan ar an talaṁ.

Ḃí sé tábaċtaċ go raċfaí ar aġaiḋ leis an dara céim agus go mbeaḋ oiread tuiscint ag pobal an Iarṫair féin agus a ḃí an tAire a ṫaispeáint anois.

Ṫaispeáin an pobal go raiḃ siad sásta eagrú fá ċoinne cosaint an Iarṫar, anois, ba ċeart do gaċ coṁ-ṫionóil, coṁar-ċumann dá gcuid féin a ḋéanaṁ le cabrú i ḃforbairt an Iarṫair.

Muna ndéanfaiḋ gaċ baile ⁊ paráiste iarraċt ar an gcoṁar-ċumann seo a ḃunú, agus a gcuid forbairt féin a ḋéanaṁ, ḃeaḋ siad ṫíos leis an méid a ḃí déanta agus ċaillfí an iarraċt.

Taréis an Rialtas caḃair a ġeallúint, ní ṫiocfaiḋ leo gan an ċaḃair sin a ṫabairt dá gcuirfeaḋ an pobal na coṁar ċumainn seo ar bun iad féin. Ḃí siad ṫar an ċosaint anois, agus ceist eagrú fá ċoinne forbarṫa a ḃí ann.

Ag caint dó i gCorcaí, cuireaḋ ceisteanna ar an Aṫair Mac Duiḃir, fán Ġaeilge agus i ndréaċt a scríoḃ Nollaig Ó Caḋra i bpáipéar Gaeilge Ḃaile Áṫa Cliaṫ dúirt sé naċ raiḃ na freagraí a fuair siad sásúil agus naċ léir go ḃfuil tuiscint ag an Aṫair Mac Duiḃir, ar riaċtanas na Gaeilge ins na ceantair Gaeltaċta agus naċ leor an saoṫúlaċt Gaelaċ aċ go gcaiṫfear an teanga Ġaeilge do ċaoṁnú ⁊ do ċosaint, agus an teanga sin a ḃeiṫ in úsáid i ċuile ġné de ṡaol na paráiste.

Deireann Ó Gaḋra, go h-áiṫrid gur ċeart a ċuiṁniú gur Gaeltaċt oifigiúil de réir Ordú Rialtais Gleann Colmcille, agus gur i nGaeilge a ba ċeart gaċ imeaċtaí agus eile cléir agus tuaiṫ a ḃeiṫ ar siúl.

ACAILL

Tá mí-ṡásaṁ frío Acaill arís an scéal céanna aṫ-uair, post beag le líonaḋ, agus ní leor duine as Acaill fána ċoinne, caiṫfear duine as Baile Áṫa Cliaṫ a ṫabairt anuas ċuige. Tá oifig eolais i gCaol, agus deirtear go ḃfuil trí ceapaċán le déanaṁ ⁊ go ḃfuil ceann acu tugṫa do ċailín as Baile Áṫa Cliaṫ. Más fíor sin, is beag iarraċt atá dá ḋéanaṁ leis an imirce ó Acaill a ċosc. Tá suas le dosaen cailíní le árd-teistiméireaċt, nó caiġdeán dá leiṫéid, in Acaill, agus cinnte, d'ḟéadfaḋ duine ar biṫ acu seo, nó duine éigin dóiḃ an folúntas seo do líonaḋ, gan duine do ṫabairt as Baile Áṫa Cliaṫ.

Coṁġáirdeas le Eoin Ó Gallċoḃair a dtáinig cú leis, Béal na Glaise, isteaċ ar tús, ag 3 lena 1, Dé hAoine seo caite, ag rásaí con, Harolds Cross.

Ag tráċt faoi an nGaeltaċt, tá eolas suimúil le piocaḋ as cúrsaí figiúirí in Acaill. Caoga bliain ó ṡin, ḃí ag pósaḋ sa ḃliain, anuraiḋ, ḃí cúig pósaḋ insan ṗaráiste, agus díoḃa sin, níor ḟan aċ dá lánúin sa ḃaile. Le cúig bliana anuas ḃí titim de 60 páistí ar rollaí scoltaċa náisiúnta Acla, agus cé déarfas fós naċ ḃfuil an Ġaeltaċt ag dul as?

Tá an bóṫar nua isteaċ go Caom críoċnaiṫe anois, agus gaċ Domhnaċ bíonn slua mór gluaisteán dá dtiomáint isteaċ ċun a ḃeiṫ ag féaċaint ar na radharcanna áilne insan ġleann íontaċ seo.

Dé Doṁnaiġ seo caite ḃí cluiċe maiṫ ag Caol, idir foireann sóisear Acla agus Baile an Tobair, insan ceaṫrú babta de Ċraoḃ Ċomórtas Iarṫar Ṁuiġeo.

Tá daoine i Muiġeo Ṫuaiḋ a rá naċ doċar ar biṫ gur ċaill an Rialtas suíoċán i Muiġeo Ṫuaiḋ, nó go mb'ḟéidir go mbeaḋ níos mó freastal ar an ċeantar anois. Ḃí tráċt faoi seo ar tús, de ṫairbhe na fánáin iascaireaċta, ⁊ anois go ḃfuil an t-eolas ar fáil go ḃfuil deontas tugṫa fá ċoinne tógáil agus feaḃsú céibeanna ag Bullsmouth agus Gob a' Ċoire; tá na h-iascairí ag súil go ndéanfar rud éigin gan ṁoill do pointe Dairbre, an áit a ḃfuil an fánán i ḃfad ró ḃeag, agus naċ féidir lastaí éisc a ċur i dtír go h-áiṫrid san oíċe.

Tá cúrsaí peil ag dul ar aġaiḋ go breá in Acaill. An tseaċtain seo caite ċuaiġ triúr óganaí ó Acaill go Tobar a' Ċoire le imirt ar son Ṁuiġeo i gcoinniḃ Sligeaḋ insan céad ċluiċe san léig mionúr Ċonaċt, agus duine as Acaill a ḃí 'na ċaiptín ar an foireann, agus fuair sé 7 de na 10 pointí a ḃí le Muiġeo. Ḃuaiġ Muiġeo le 2-10 i gcoinniḃ 1-6. Ba é Pádraic Mac Cillbán an caiptín. Dé hAoine, ḃronn Pádraic Seoiġe, O.S., na boinn ar Ċumann Naoṁ Uinsionn.

Dé Doṁnaiġ ḃí Pádraic Ó Corragáin mar cúlbaire lár ar foireann sinsir Ṁuiġeo, cé gur buaiġ Co. na Miḋe go h-éasca orṫa. Is maiṫ an peileadóir Seosaṁ Mac an Ultaiġ.

Dáta Cásca Buan nó Iontraiṫe

Go luaṫ i stair na hEaglaise, ṫárla díospóireaċt faoi ḋáta na Cásca idir na Giúdaiġ agus na Gintlí a ġlac an Ċreideaṁ. Dúirt na Giúdaiġ gur ceart an Ċáisc a ċomóraḋ ar an 14ú Nisan, is cuma cé'n lá den seaċtain ar a dtitfeaḋ sé. Ṫeastaiġ ó na Gintlí í a ċomóraḋ ar an Doṁnaċ, ós rud é gur ar an Doṁnaċ a d'aiséiriġ Críost ó ṁairḃ. Sa ḃliain 325 ag Coṁċoṁairle Nicae, ṡocraiġ an tImpire Constintín go gcomórfaí an Ċáisc ar an gcéad Doṁnaċ taréis na céad gealaí lán taréis an 21ú lá Márta, socrú atá i ḃfeiḋm go fóill in Eaglais an Iarṫair, cé go ḃfuil dreamanna in Eaglais Ceartċreidmeaċ an Oirṫir nár ġlac leis riaṁ.

Ḃí an ċeist seo faoi ḋáta na Cásca ina ábhar conspóide in Éirinn ó ṫeaċt Ṗádraiġ Naofa. D'iarr na Pápaí ar na Gaeil géilleaḋ aċ ní raḃadar sásta. Scríoḃ Naoṁ Columbán ċuig an Pápa Gréagóir ag rá naċ n-aṫróḋ na Gaeil, cé go raiḃ ḟios acu gur ṫug Ár dTiarna gaċ údarás do Naoṁ Peadar lean an t-aċrann go dtí Sionad Whitby 664, áit ar buaḋ ar Naoṁ Colmán Lindisfarne agus ġlac Éire le dáta ċomórṫa Cásca na Róiṁe.

Is féidir don Ċáisc a ḃeiṫ ann aon lá de na cúig lá is trioċa atá idir an dara lá fiċead de ṁí Ṁárta agus cúigiú lá fiċead d'Aibreán. Tuigfimíd tábaċt na Cásca má ċuiṁnímid go mbraṫann mórán de féilí eile na hEaglaise air. Caiṫfiḋ Céadaoin an Luaiṫriġ a ḃeiṫ sé seaċtain go leiṫ roiṁe agus Déardaoin Deasgaḃála daċad lá agus Doṁnaċ Cincíse caoga lá ina ḋiaiḋ.

Ó 1900 anall is mó rún a riṫeaḋ ag Cumainn Luċt Tráċtála ag iarraiḋ dáta buan d'ḟáil. Sa ḃliain 1923, cuireaḋ rún ċuig an Caṫaoir Naofa. Ṫionóil Conraḋ na Náisiúin coṁḋáil ag iarraiḋ ṫeaċt ar ṡocrú. Sé an dáta is inglacṫa ná an Doṁnaċ taréis an dara Saṫarn i mí Aibreáin, sé sin idir an naoiú agus an cúigiú lá déag den ṁí sin. Pléaḋ an ċeist ag Coṁċoṁairle na Ḃatacáine II. Ní ċuirfeaḋ an Eaglais ina ċoinne dá n-ainmneófaí Doṁnaċ áiriṫe don Ċáisc.

Dá mbeaḋ an dáta buan sílim go mbeaḋ sé ina áis mór ag muintir an doṁain. Ins na scoileanna, ḃeaḋ faid na dtéarmaí seasṁaċ i gcónaí, rud a ċaḃróḋ le h-éagrú na scoileanna. Fé mar atá sé, bíonn an dara téarma an-ḟada agus an triú téarma an-ġearr uaireanta, nó a ṁalairt.

Déantar cuid ṁaiṫ taistil aimsir na Cásca. Ar ndóiġ, is féidir a rá go dtosnaíonn na laeṫe saoire um an dtaca sin. Dá ḃrí sin, caḃróḋ sé le ṫionscal na turasóireaċta dá mbeaḋ an Ċáisc buan. Ḃeaḋ na foirne breise ag teastáil ins na tiṫe ósta ag an am céanna gaċ bliain agus na heitleáin, traenaċa agus busanna ċoṁ maiṫ.

Nuair a bíonn an Ċáisc luaṫ — i mí Márta — go minic, bíonn an aimsir fuar feannaideaċ. Bíonn seans níos fearr go mbeiḋ deá-aimsir ann níos déanaí i mí Aibreáin. Taiṫníonn sé sin go mór-ṁór le na mná nuair is mian leo, a mbainéid na Cásca a ṫeaspáint don saol.

Ar an dtaoḃ eile den scéal, d'éiriġ maiṫ go leor leis an doṁan go nuiġe seo, faoi mar a ḃí an Cáisc á comóraḋ. Cé'n fáṫ naċ ḃfuilimíd sásta leis a ṫuilleaḋ Bíonn éagsúlaċt á éileaṁ againn i mórán slite agus nílimíd sásta leis i gcás na ceiste seo. Ar aon nós, tá mise ag súil le Cáisc maiṫ i mbliana!

Arlene Ní Aoḋa,
Scoil Ċloċair Naoṁ Muire,
Éadan Doire.